

Is treoir iad na nótaí seo a leanas maidir leis na nósanna imeachta achomhairc agus cur chun feidhme atá oscailte d'FHOSTAITHE a bhfuil breitheanna faighte ón mBinse Achomhairc Fostaíochta acu

Nósanna Imeachta Achomhairc agus Cur Chun Feidhme

(A) Nósanna Imeachta Achomhairc

Íocaíochtaí Iomarcaíochta & Dócmhainneachta, Fógra Íosta, Íoc Pá, Saoire Uchtaíoch & Saoire do Thuismitheoirí, Cosaint Daoine Óga, Cosaint Mháithreachais, Téarmaí Fostaíochta, Rialacháin um Ghnóthais a Aistriú

Moltar d'fhostaithe a bhfuil breitheanna faighte acu, nach bhfuil fabhrach dóibh, gur beag tairbhe a bhaineann le comhfhreagrú leis an mBinse nó leis an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta maidir leis na breitheanna. Tá breith an Bhinse maidir le haon cheist tarchuirthe chuige críochnaitheach agus dochloíte, ach amháin faoi réir ceart achomhairc páirtí mhíshásta chuig an Ard-Chúirt ar phointe dlí.

Dhífhostú Éagórach

Féadfaidh fostaí atá míshásta le cinneadh an Bhinse maidir le héileamh faoi na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach 1977 go 2007, achomharc a chur chuig an gCúirt Chuarda. Ní mór é seo a dhéanamh laistigh de 6 seachtaine ón uair a chuirtear an cinneadh in iúl do na páirtithe. Más mian leat an ceart seo a fheidhmiú, ba chóir duit tarchuir chuig Rialacha iomchuí na Cúirte Cuarda. Ba chóir cóip den Fhógra Achomhairc a sheoladh chuig an mBinse Achomhairc Fostaíochta.

Eagrú Ama Oibre

Ba chóir d'fhostaithe a fhaigheann cinntí nach bhfuil fabhrach dóibh, agus ar mian leo achomharc a dhéanamh, tarchuir chuig na nósanna imeachta achomhairc infheidhme maidir leis an Acht lena mbaineann an gearán Saoire/Saoire Phoiblí.

Cosaint do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí

Féadfaidh fostaí atá míshásta le cinneadh an Bhinse maidir le héileamh faoin Acht seo achomharc a chur chuig an Ard-Chúirt ar phointe dlí. Ní mór é seo a dhéanamh laistigh de 6 seachtaine ón uair a chuirtear an cinneadh in iúl do na páirtithe.

(B) Nósanna Imeachta Cur Chun Feidhme

Íocaíochtaí Iomarcaíochta

Má tá íocaíocht iomarcaíochta dlite duit anois ó d'iarfhostóir de bhun cinneadh Binse, ba chóir duit an t-ábhar a shaothrú go foirmiúil i scríbhinn le d'fhostóir agus an íocaíocht i gceist a lorg. Más eol duit nach bhfuil d'iarfhostóir i mbun trádála a thuilleadh ba cheart duit teagmháil a dhéanamh leis an Rannóg Iomarcaíochta, an Roinn Coimirce Sóisialaí. Tá breis sonraí le fáil ar www.welfare.ie.

Fógra Íosta

Má tá cúiteamh dáfa ag an mBinse i ndáil le fógra íosta, ba chóir duit iarratas i scríbhinn a chur chuig d'iarfhostóir ag lorg íocaíochta na suime a bheidh dlite. Faoin dlí atá i bhfeidhm faoi láthair, tá cúiteamh dáfa ag an mBinse inghnóthaithe mar fhiach conartha shimplí i gcúirt dlínse inniúla. Is iondúil gurb í an Chúirt Dúiche

iomchuí (má tá méid na luaíochta faoi bhun €15,000) nó an Chúirt Chuarda iomchuí (má tá méid na luaíochta idir €15,000 agus €75,000) a bheidh i gceist. De rogha air sin, d'fhéadfadh an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta nó ceardchumann an fhostaí, imeachtaí chun íocaíochtaí a ghnóthú a thionscnamh agus a chothabháil, a thionscnamh thar ceann an fhostaí. Mura bhfuil an t-ábhar socraithe chun do shástachta laistigh de thréimhse réasúnach ama, ba chóir duit teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiúin um Chaidreamh san Ionad Oibre, Eolas agus Seirbhís do Chustaiméirí ag an uimhir íosghlao: 0818 80 80 90¹ nó 059 9178990 chun tuilleadh eolais a fháil.

Dhífhostú Éagórach

Ar cinneadh fabhrach a fháil, ba chóir duit cumarsáid a dhéanamh le d'fhostóir maidir le cur chun feidhme. Ba chóir d'fhostóir cinneadh de chuid an Bhinse Achomhairc Fostaíochta a chur i ngníomh laistigh de 6 seachtaine ón dáta ar cuireadh an cinneadh in iúl do na páirtithe. Mura gcuireann fostóir, laistigh den thréimhse 6 seachtaine sin, na téarmaí a shonraítear i gcinneadh an Bhinse (nach bhfuil achomharc déanta ina choinne) i ngníomh, féadfaidh an fostaí lena mbaineann nó an tAire, thar ceann an fhostaí, iarratas a dhéanamh leis an gCúirt Chuarda ar ordú á ordú don fostóir cinneadh an Bhinse a chur chun feidhme. In imthosca den sórt sin, tugtar de chumhacht don Chúirt Chuarda, gan an cás a athéisteacht, ordú a eisiúint ag ordú don fostóir téarmaí chinneadh an Bhinse a chur chun feidhme. De rogha air sin, i gcásanna inar ordaigh cinneadh an Bhinse athfhostú nó athfhrúiliú an fhostaí, féadfaidh an Chúirt Chuarda, má mheasann sí gur cuí, an cinneadh sin a athrú chun ordú a dhéanamh maidir le cúiteamh airgeadais na bhfostaithe lena mbaineann.

Íoc Pá

Sa chás go bhfuil cinneadh fabhrach faighte ón mBinse agat faoi Acht um Íoc Pá, 1991, ba chóir duit a iarraidh ar d'fhostóir, i scríbhinn, téarmaí chinneadh an Bhinse a chur chun feidhme. Sa chás go mainneoidh d'fhostóir déanamh amhlaidh laistigh den thréimhse sonraithe ag an mBinse nó, sa chás nach ndéantar am den sórt sin a shonrú, laistigh de 6 seachtaine ón uair a bhfaightear an cinneadh, féadfaidh tú a lorg go gcuirfean an cinneadh chun feidhme sa tslí chéanna le hordú ón gCúirt Chuarda. Tá ceart ag fostaí cinneadh an Bhinse a achomharc chuig an Ard-Chúirt ar phointe dlí, laistigh de 21 lá ón uair a bhfaightear an cinneadh. Má fheidhmíonn an fostóir an ceart seo, beidh ort fanacht ar thoradh an achomhairc roimh imeachtaí cur chun feidhme a thionscnamh.

Eagrú Ama Oibre

Sa chás go mainneoidh fostóir breith an Bhinse faoin Acht seo a chomhlíonadh, féadfaidh an fostaí lena mbaineann a lorg go gcuirfí chun feidhme na nósanna imeachta cur chun feidhme infheidhme maidir leis an Acht lenar bhain an gearán Saoire/Saoire Phoiblí.

Eolas maidir le Téarmaí Fostaíochta

Ba chóir d'fhostóir cinneadh de chuid an Bhinse Achomhairc Fostaíochta a chur i ngníomh laistigh de 6 seachtaine, ach amháin má tá achomharc á dhéanamh chun na hArd-Chúirte. Má mhainníonn an fostóir cinneadh den chineál sin a chur chun feidhme, féadfaidh an fostaí lena mbaineann, nó ceardchumann an fhostaí, nó an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, thar ceann an fhostaí, iarratas a dhéanamh chun na Cúirte Dúiche ar ordú chun forghníomhú an chinnidh a lorg.

¹ Tabhair faoi deara go bhféadfadh rátaí difriúla a bheith á ngearradh ag soláthraithe seirbhíse éagsúla i ndáil le huimhreacha 0818 (íosghlao)

Íocaíochtaí Dócmhainneachta

Sa chás go bhfuil fostóir dócmhainneach chun críocha na nAchtanna um Íocaíochtaí Dócmhainneachta, d'fhéadfadh luaíochtaí áirithe tugtha ag an mBinse d'fhostaithe a bheith iníoctha, faoi réir teorainneacha reachtúla a bhaineann leis an líon seachtainí agus an ráta seachtainiúil pá. Ina theannta sin, tá sé riachtanach go mbeidh an luaíocht/cinneadh déanta tráth nach luaithe ná tosach na tréimhse iomchuí, a shainmhíneáir faoi na hachtanna mar thréimhse ocht mí dhéag roimh an dáta iomchuí. D'fhéadfadh an dáta iomchuí athrú de réir imthosca gach cáis agus d'fhéadfadh gurb é dáta na dócmhainneachta nó dáta na breithe/an chinnidh iomchuí (cibé is deireanaí) nó an dáta a foirceannadh an fhostaíocht a bheadh i gceist. Ba chóir an t-éileamh a dhéanamh ar an bhfoirm reachtúil iomchuí trí ionadaí an fhostóra. Tá tuilleadh eolais le fáil ón gCoimisiúin um Chaidreamh san Ionad Oibre (sonraí thuasluaite).

Rialacháin um Ghnóthais a Aistriú

Ba chóir d'fhostóir cinneadh de chuid an Bhinse Achomhairc Fostaíochta a chur i ngníomh laistigh de 6 seachtaine ón dáta ar cuireadh an cinneadh in iúl do na páirtithe. Mura gcuireann fostóir, laistigh den tréimhse 6 seachtaine sin, na téarmaí a shonraítear i gcinneadh an Bhinse (nach bhfuil achomharc déanta ina choinne) i ngníomh, féadfar éileamh a dhéanamh leis an gCúirt Chuarda ar ordú don fhostóir cinneadh an Bhinse a chur chun feidhme. Féadfaidh an fostaí lena mbaineann nó, le toiliú an fhostaí, nó aon cheardchumann (ar ball de an fostaí), nó an tAire, má mheasann an tAire gur cuí é, an t-éileamh ar an gcur chun feidhme seo a dhéanamh.

Cosaint Mháithreachais

Ba chóir d'fhostóir cinneadh de chuid an Bhinse Achomhairc Fostaíochta a chur i ngníomh laistigh de cheithre seachtaine, nó ar aon dáta eile a bheidh sonraithe amhlaidh ag an mBinse, ach amháin má tá achomharc á dhéanamh ar an ábhar. Sa chás go bhfuil cinneadh fabhrach faighte agat agus gur mhainnigh ar d'fhostóir a théarmaí a chomhlíonadh, agus nach bhfuil achomharc á dhéanamh ar an ábhar, féadfaidh tusa, nó an tAire Dlí agus Cirt, ar do shon, má mheastar gurb iomchuí é, imeachtaí a thionscnamh ar shásamh faoin Acht.

Saoire Uchtaíoch & Saoire do Thuismitheoirí

Ba chóir d'fhostóir, nach bhfuil achomharc ar chinneadh á dhéanamh chuig an Ard-Chúirt ar phointe dlí aige, a théarmaí a chomhlíonadh gan moill mhíchuí. Féadfaidh an fostaí, nó Aire Dlí agus Cirt, thar ceann an fhostaí, imeachtaí a thionscnamh sa Chúirt Chuarda ar shásamh faoi na hAchtanna i gcoinne fostóra nach bhfuil téarmaí chinneadh an Bhinse á gcomhlíonadh aige.

Cosaint Daoine Óga

Ba chóir d'fhostóir cinneadh de chuid an Bhinse Achomhairc Fostaíochta a chur i ngníomh laistigh de 6 seachtaine, ach amháin má tá achomharc á dhéanamh chun na hArd-Chúirte. Má mhainníonn an fostóir cinneadh den chineál sin a chur chun feidhme, féadfaidh tuismitheoir nó caomhnóir an fhostaí lena mbaineann, nó ceardchumann duine óig lena mbaineann, nó an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, thar ceann an fhostaí, iarratas a dhéanamh chun na Cúirte Dúiche ar ordú ag ordú don fhostóir an cinneadh a chur chun feidhme.

Cosaintí do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanáí

Ba chóir d'fhostóir cinneadh de chuid an Bhinse Achomhairc Fostaíochta a chur i ngníomh laistigh de 6 seachtaine, ach amháin má tá achomharc á dhéanamh chun na hArd-Chúirte. Má mhainníonn an fostóir cinneadh den chineál sin a chur chun feidhme, féadfaidh tusa nó do cheardchumann, nó an tAire, ar do shon, iarratas a dhéanamh leis an gCúirt Chuarda ar ordú ag lorg chur chun feidhme an chinnidh.

Séanadh:

Is éard atá sa bhileog eolais seo treoir ghinearálta d'fhostaithe maidir le hachomhairc agus nósanna imeachta cur chun feidhme.

Tá gach iarracht déanta a chinntiú go bhfuil an t-eolas atá tugtha beacht agus cothrom le dáta. Is eolas ginearálta atá curtha ar fáil agus ní dhéileáiltear le himthosca sonracha aon duine ar leith. Ní ráiteas iomlán ná údarásach ar an dlí é ná ní míniú dlíthiúil é. Má tá ceist ar leith ba mhaith leat a fhreagairt ba chóir duit teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiúin um Chaidreamh san Ionad Oibre, Eolas & Seirbhís do Chustaiméirí ag 0818 80 80 90² nó 059 9178990. Má theastaíonn comhairle ghairmiúil nó comhairle dhlíthiúil uait ba chóir duit teagmháil a dhéanamh le duine atá cáilithe go cúí.

Ní ghlacann an Binse Achomhairc Fostaíochta agus a sheirbhísigh aon fhreagracht as ná ní thugann siad aon ráthaíochtaí, gealltanais nó barántaí maidir le beachtas, iomláine nó nádúr cothrom le dáta an eolais atá curtha ar fáil ag an tráth seo, agus ní ghlacann siad le dliteanas ar bith a eascraíonn as aon earráid nó as aon ní ar lár.

² *Tabhair faoi deara go bhféadfadh rátaí difriúla a bheith á ngearradh ag soláthraithe seirbhíse éagsúla i ndáil le huimhreacha 0818 (Iosghlao)*